

# Dréachtphlean Forbartha Contae Loch Garman 2021-2027

---

Imleabhar 7 Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha



## 1.1 Réamhrá

Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le tírdhreach sa Choinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa *“limistéar, a shíleann daoine, ar toradh é a sainghné ar ghníomhaíocht agus ar idirghníomhaíocht fachtóirí nádúrtha agus/nó daonna”*. Bíonn éagsúlacht mhór idir tírdhreacha mar gheall ar gheolaíocht, ithreacha, topagrafaíocht, cumhdach talún, hidreolaíocht, forbairt stairiúil agus chultúrtha agus breithniúcháin aeráide. Ciallaíonn an tírdhreach go mbaineann ‘mórtas ceantair’ le comharsanacht agus baineann tábhacht leis i ndáil le folláine agus aitheantas áitiúil. Chomh maith leis sin, tá buntáistí eacnamaíocha ag baint le tírdhreacha i dtéarmaí na seirbhísí agus na n-ábhar a sholáthraíonn siad agus ioncam turasóireachta atá nasctha go minic le cáilíocht an tírdhreacha.

Tá tírdhreacha de shíor ag athrú agus tá ról tábhachtach ag Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha (MNT ina dhiaidh seo) san athrú sin a bhainistiú agus a threorú. Tá sé mar aidhm leis an measúnú seo cur leis an obair a cuireadh i gcrích nuair a bhí pleananna forbartha roimhe seo á n-ullmhú agus na gnéithe luachmhara dár dtírdhreacha a chosaint agus glacadh leis san am céanna gur tírdhreacha beo iad a athraíonn le himeacht ama.

## 1.2 Comhthéacs Beartais

Tacaíonn Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa, ar a dtugtar Coinbhinsiún Fhlórans chomh maith, le cosaint, bainistiú agus pleanáil tírdhreacha na hEorpa. Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún in 2002. Tá sé mar aidhm le ‘Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha d’Éirinn 2015-2025’ a d’fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta i mBealtaine 2015, Coinbhinsiún Fhlórans a chur chun feidhme trí fhoráil a dhéanamh le haghaidh beart sonrath chun cosaint, bainistiú agus pleanáil an tírdhreacha a chur chun cinn.

Aithnítear tábhacht an tírdhreacha agus an ról atá ag pleanáil úsáide talún i gcosaint an tírdhreacha in Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (leasú), a cheanglaíonn go n-áirítear i bPleananna Forbartha cuspóirí chun sainghné an tírdhreacha a chaomhnú, lena n-áirítear caomhnú radharc agus féidearthachtaí agus taitneamhachtaí áiteanna agus gnéithe lena mbaineann áilleacht nádúrtha nó spéis.

Tá sé mar aidhm le NPO61 de PFC cosaint, bainistiú agus athrú tírdhreacha a éascú trí Mhapa Sainghné Tírdhreacha Náisiúnta a ullmhú agus treoir a fhorbairt maidir le hullmhú measúnuithe áitiúla ar nádúr an tírdhreacha (lena n-áirítear sainghnéithe tírdhreacha stairiúla) chun cur chuige comhsheasmhach i ndáil le pleanáil tírdhreacha a áirithiú. Tugtar faoi deara in SRSG gur príomhshócmhainní iad tírdhreacha agus muirdhreacha éagsúla ár réigiúin nach mór iad a chosaint go cúramach.

An Tírdhreach agus Measúnú Tírdhreacha: Soláthraítear i nDréacht-Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, 2000) treoir d'údaráis phleanála maidir le Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha (MNT) a ullmhú. Tá an Straitéis seo ullmhaithe de réir na dtreoirlínte sin.

## 2.0 Modheolaíocht

Aithníodh i bPlean Forbartha Contae Loch Garman 2013-2019 ceithre *phríomhlimistéar sainghné tírdhreacha*: Ardtailte, Ísealtailte, Gleann Abhann agus Tírdhreach Cósta agus cúigiú limistéar ar a dtugtar 'Tírdhreacha lena mbaineann Breis Íogaireachta'. De bhrí go bhfuil Measúnú Náisiúnta ar Nádúr an Tírdhreacha agus Treoirlínte d'Údaráis Phleanála maidir le hullmhú Measúnuithe ar Nádúr an Tírdhreacha ar feitheamh, cinneadh stuama ba ea fanacht go dtí go raibh na doiciméid seo ar fáil roimh athbhreithniú iomlán ar an MNT a dhéanamh.

Cuireadh roinnt athruithe i bhfeidhm ar an MNT i gcomparáid leis an MNT atá le fáil i bPlean Forbartha Contae 2013-2019:

- Tá 'Tírdhreacha lena mbaineann Breis Íogaireachta' athainmnithe mar 'Tírdhreacha Sainiúla' ar mhaithe le soiléire
- Cuireadh leis an tuairisc ar limistéir sainghné tírdhreacha éagsúla, ar a dtugtar Aonaid Sainghné Tírdhreacha (AST ina dhiaidh sin) anois, chun cabhrú le cúrsaí tuisceana.
- Sannadh íogaireacht do gach AST agus cuireadh mairís íogaireachta san áireamh.
- Cuireadh 'Breithniúcháin Tírdhreacha Eile' san áireamh freisin. Áirítear ina measc éagsúlacht mhór eilimintí/sainghnéithe tírdhreacha (cosúil le láithreáin oidhreachta

éiceolaíochta agus geolaíochta) agus braithfidh a n-íogaireacht ar an gcúis atá leis an ainmniúchán. Níos minice ná a mhalairt níl gaol idir íogaireacht sna tírdhreacha seo agus a gcáilíocht radhairc.

- Nuashonraíodh na cuspóirí tírdhreacha.

### **3.0 Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha**

Sainaitníonn MNT limistéir de shainghné choitianta ar a dtugtar limistéir sainghné tírdhreacha nó aonaid sainghné tírdhreacha (AST). Tá patrún ar leith, inaitheanta agus comhsheasmhach eilimintí in AST a chiallaíonn go bhfuil sé difriúil i gcomparáid leis an tírdhreach atá in aice láimhe. Tá a shainghné uathúil féin ag gach MNT, bunaithe ar phatrúin gheolaíochta, tírghné, úsáid talún, gnéithe cultúrtha, stairiúla agus éiceolaíochta.

Is é an cuspóir atá le MNT anailís a dhéanamh ar shainghné, luach, agus íogaireacht na dtírdhreach sainaitheanta laistigh de limistéar ar leith. Trí thuiscint a bheith againn ar conas ar fhorbair agus ar éabhlóidigh tírdhreacha difriúla bunaithe ar dhearcadh nádúrtha agus sóisialta, is féidir cinntí maidir le bainistiú agus pleanáil an tírdhreacha a dhéanamh bunaithe ar eolas. Áirítear in aschuir an MNT mapa de ASTanna agus tuairisc ar gach aonad agus íogaireacht sannta.

#### **3.1 Aonaid Sainghné Tírdhreacha**

Is measúnú ginearálta é MNT agus i ndáiríre níl aon athruithe tobanna sa tsainghné tírdhreacha ag teorainneacha na ASTanna éagsúla. Dá bharr sin, tá teorainneacha AST táscach agus d'fhéadfaí aon bheartas sa PFC a bhfuil feidhm leis i ndáil le haon aonad ar leith a chur i bhfeidhm ar bhonn cothrom i limistéar atá taobh leis an aonad ar leith sin. Ní féidir é seo a chinneadh ach i ndiaidh cuairt láithreáin agus measúnú amhairc a bheidh á dhéanamh ag an gComhairle.

Sainaitníodh 4 AST sa MNT. Tá Sainghnéithe Tírdhreacha Uathúla laistigh de na ASTanna seo, agus chun críche beartais, caitear leo mar MNT eile. Dá réir sin, tá 5 AST san MNT:

1. Ardtailte

2. Ísealtailte
3. Gleannta Abhann
4. Tírdhreach Cósta
5. Tírdhreach Uathúil

Ní hionann ‘Tírdhreacha Uathúla’ (e.g. cnoic ag dul le fána, tírdhreach citealach agus céamach, slabaí, etc.) agus an príomh-AST ina bhfuil siad suite. Go hiondúil, is éard a bhíonn i gceist sainghnéithe sa tídhreach agus sa mhuidhreach lena mbaineann spéis agus suntasacht amhairc. Chomh maith leis sin, tá luachanna áirithe ag baint le tírdhreacha áirithe dar le pobail nó le daoine aonair e.g. spéis stairiúil, éiceolaíoch, shoch-chultúrtha agus/nó reiligiúnach. I gcásanna áirithe, d’fhéadfadh go mbeadh níos mó ná luach amháin luaite le tírdhreacha.

Tá na ASTanna á léiriú ar Mhapa 7.1 agus tá cur síos déanta orthu i dTábla 7-1 agus 7-2 thíos.

**Tábla Uimh. 7-1 Aonaid Sainghné Tírdhreacha**

<b>Aonaid Sainghné Tírdhreacha</b>	<b>Tuairisc</b>
Ardtailte	<p>Is éard atá sna hArdtailte limistéir de thalamh níos airde, ina bhfuil roinnt éagsúlachtaí le tabhairt faoi deara, agus a bhaineann le tuaisceart agus iarthar an chontae. Bíonn níos mó titim báistí, níos mó gaoithe agus draenáil lag mar aon le raon teoranta fásra agus úsáide talún luaite le limistéir de thalamh níos airde. Ag na réimsí níos airde, bíonn talmhaíocht ag tarlú ag leibhéal ísealdéine agus bíonn stoc á thógáil, fáschoillte á gcur agus roinnt fásra idirthréimhsigh ag fás in áiteanna éagsúla. D’fhéadfadh go mbeadh níos mó úsáide á baint as athfhoraoisiú sna limistéir seo amach anseo.</p> <p>Ar thalamh níos ísle, tá na garraithe níos mó agus na fáлта sreach níos ísle agus tá crainn níos lú ag fás anseo agus ansiúd. Úsáidtear</p>

	<p>an talamh chun stoc a thógáil nó le haghaidh úsáid mheasctha talmhaíochta den chuid is mó. Is féidir roinnt foraoisí buaircíneacha, foraoisí duillsilteacha agus coillearnach idirthréimhseach ar fhánaí géara a fháil laistigh de na limistéir seo. Le blianta beaga anuas, tá feirmeacha gaoithe a tógadh le déanaí le tabhairt faoi deara sa tírdhreach seo.</p> <p>Cuimsítear sa tírdhreach seo talamh ardaithe agus níos géire, iomairí agus spéirlínite, a bhfuil neart samplaí dá leithéid le fáil sa tírdhreach trí chéile, atá níos íogaire d'fhorbairt go ginearálta.</p> <p>Cé go mbíonn an dlús daonra níos ísle ar an talamh seo i gcomparáid le tírdhreacha ísealtailte, ní fhreastalaíonn an AST Ardtailte ar dhaonraí suntasacha maireachtála agus oibre nach mór freastal ar a gcuid riachtanas.</p>
<p><b>Ísealtailte</b></p>	<p>Go ginearálta, is tailte droimneacha atá in AST Ísealtailte agus tá limistéir shuntasacha den chontae i gceist. Tá na fánaí agus an topagrafaíocht san aonad seo níos éadoimhne. Go ginearálta, bíonn na leibhéil daonra níos airde agus bíonn níos mó diantalmhaíochta ar bun. Go ginearálta, bíonn amhairc ó thailte talmhaíochta ar gharraithe níos mó mar thoradh ar fhálta sceach a bhíonn íseal agus gearrtha. Is san aonad tírdhreacha seo a bhíonn na príomhbhailte (seachas sa chás go bhfuil Gleannta Abhann traschriosacha ann) agus bonneagar suntasach cosúil le príomhbhóithre agus iarnróid.</p> <p>Tá roinnt cnoc suntasach laistigh den AST Ísealtailte a sholáthraíonn breis imfhálaithe agus 'poncaíocht' laistigh den tírdhreach.</p> <p>Táthar ag súil go leanfar leis an úsáid talmhaíochta den chuid is mó den AST Ísealtailte mar gheall, tríd is tríd, ar ardchaighdeán agus</p>

	<p>torthúlacht na n-ithreacha. Fachtóirí athraithe a bheidh le tabhairt faoi deara sa tírdhreach seo é diansaothrú cleachtas talmhaíochta agus forbairt lonnaíochtaí uirbeacha.</p> <p>Go ginearálta, tá saintréithe san AST Ísealtailte ag a bhfuil cumas níos airde déileáil le forbairt gan dochar suntasach a dhéanamh do chúrsaí amhairc, ach fós féin ní mór cúram áirithe a léiriú ar bhonn an cháis, go háirithe chun na rioscaí go mbeidh forbairtí ag cur isteach ar chúrsaí radhairc a íoslaghdú.</p> <p>Ag tuaisceart agus iardheisceart na n-ísealtailte tá limistéir idirthréimhseacha ina mbuaileann an t-aonad tírdhreacha seo le AST na nArdtailte agus na n-airdí níos airde in aice le Gleann na Bearú. I dtreo an tuaiscirt, tá go leor den sliabh agus de bheanna sléibhe an Staighre Dhuibh agus AST na nArdtailte idir-infheicthe. I dtreo an iardheiscirt ardaíonn an talamh seo agus tá roinnt beann suntasach le feiceáil i gceantar Ros Mhic Thriúin. Tá dlúis daonra níos ísle ar na codanna seo de na hísealtailte agus tá siad níos íogaire ná an chuid eile de na ísealtailte. Tá siad beagán íogair d'fhorbairt agus tá an cumas acu déileáil le forbairt faoi réir láithreánaithe agus dearaidh chuí agus impleachtaí carnacha a bhreithniú.</p>
<b>Gleannta Abhann</b>	<p>Tá saintréithe cosúil le saintréithe na n-ísealtailte ag An tSláine agus Gleann Abhann na Bearú, ach tá dreach níos áille acu mar gheall ar na haibhneacha agus an topagrafaíocht agus na gnáthóga bruachánacha agus coillearnaí. Tá an t-aonad seo íogair d'fhorbairt.</p>
<b>Tírdhreach Cósta</b>	<p>Go ginearálta tá cóstaí fada, réasúnta díreach de ghainimh nó scaineagán mar aon le hailte ísle agus córais dumhcha le fáil feadh chósta an oirthir. Laistigh den tírdhreach cósta seo tá dreacha talún</p>



	<p>agus muirdhreacha níos suntasaí de Chalafort Loch Garman, Slaba Loch Garman agus Poldair agus Dumhcha Chathóir. Tá tuilleadh ceann tíre agus bána níos lú feadh thuaisceart chósta an oirthir. Tá comhchruinnithe d'fhorbairtí eastósctha gainimh arb ionann iad agus sainghnéithe suntasacha sa tírdhreach, le fáil taobh leis an Abhainn Dubh.</p> <p>Tá tránna fada agus córais dumhcha le fáil feadh chósta an deiscirt freisin. Meallann na hamhairc ar An Sailte agus Oileáin na gCaorach an tsúil i dtreo an tírdhreacha seo. Tá roinnt sainghnéithe suntasacha laistigh den aonad seo lena n-áirítear Oileán Mhuire agus Lochanna Theach Coimseáin, Slaba na hInse agus Bhaile Thaidhg, Ceann an Chairn, Coinicéar Bhaile Thaidhg agus Cuan Bhanú. Tá éagsúlacht tírdhreach spéisiúil agus suntasach le fáil ar Rinn Duáin.</p> <p>Bíonn an-bhrú ó thaobh cúrsaí turasóireachta agus forbairt chónaithe de ar cheantair chósta Loch Garman agus tá an ceantar seo an-íogair d'fhorbairt agus éilíonn an ceantar seo cosaint mar áit ann féin agus cosaint do na seirbhísí agus buntáistí eacnamaíocha a bhaineann leo.</p>
--	---

**Tábla Uimh. 7-2 Tírdhreacha Uathúla**

<b>Tírdhreach Uathúil</b>	<b>Ainm</b>	<b>Tuairisc</b>
Cnoic	Torchoill Cnoc Easca Cnoc Bhaile Uí Mheannáin	Tá neart cnoc agus iomairí le fáil mórthimpeall Chontae Loch Garman, agus tá amhairc fhairsinge ar an tírdhreach mórthimpeall le feiceáil uathu. Sa tírdhreach

	<p>Cnoc na Buaille  An Charraig Rua  Cnoc an Abhalloirt  Sliabh na nGiorraithe  Cnoc Fhiodh na gCaor  Cnoc Bhrí  Cnoc Ráithín na hUamhan  Cnoc Chamrois  Carraig Bhrain  Cnoc na Leacan Darach  Cnoc Chamlinne  Sliabh Coiltir  Tigh na Carraige  Sliabh Fhothart</p>	<p>Ísealtailte, tá na cnoic agus iomairí tábhachtacha agus suntasacha sainaitheanta. Baineann suntas stairiúil le cuid de na cnoic seo, cosúil le Cnoc an Abhalloirt, Cnoc na Leacan Darach, Cnoc Fhiodh na gCaor, Sliabh Fhothart agus Carraig Bhrain.</p> <p>Sa chás go bhfuil rochtain phoiblí ar fáil, go minic bíonn tóir ar chnoic agus ar iomairí mar áiteanna chun tamall a chaitheamh ag siúl, ag marcaíocht ar chapall agus ag rothaíocht.</p> <p>Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil líon suntasach cnoc sna hArdtailte, agus nach ionann iad a fhágáil ar lár ón rannóg seo agus a chur in iúl nach mbaineann tábhacht leo, seachas sin tá siad á gcosaint faoi AST na nArdtailte.</p>
<p>Dobharlaigh</p>	<p>Oileán Mhuire  Loch Theach Coimseáin  Coinicéar Bhaile Thaidhg  Cuan Bhanú  Calafort Loch Garman</p>	<p>Is murlaigh chósta iad Oileán Mhuire, Loch Theach Coimseáin agus Coinicéar Bhaile Thaidhg, atá scartha go hiomlán nó go páirteach ón bhfarraige ag oitir ghainimh, scaineagán agus roinnt carraigeacha. Go hiondúil, is tírdhreacha Uathúla iad na gnéithe uisce agus an talamh íseal ina bhfuil siad lonnaithe. Tá siad ar fad spéisiúil ó thaobh na héiceolaíochta de. Baineann suntas reiligiúnach agus tábhacht chultúrtha le hOileán Mhuire freisin agus bíonn go leor cuairteoirí ag triall ar an áit, go háirithe i rith</p>

		<p>shéasúr oilithreachta an tsamhraidh.</p> <p>Bíonn fórsaí taoide láidre le tabhairt faoi deara i gCuan Bhanú agus i gCalafort Loch Garman. Bíonn réileáin láibe agus réileáin ghainimh le feiceáil nuair a théann na taoidí amach. Is ag an mbéal atá na córais dumhcha ísle agus crainn fhásta ag Rinn Rámhann agus Rinn Ros Láir agus is gné lárnach de mhuidhreach Chalafort Loch Garman iad. Baineann suntas stairiúil le Cuan Bhanú chomh maith agus is minic tagairt déanta do na Normannaigh agus Cuan Bhanú.</p>
Cinn Tíre Cósta	<p>Rinn Chrois Fhearnóg (Cé na Cille Móire) Ceann an Chairn Rinn Ros Láir Rinn Chill Mhichíl Rinn Chathóir</p>	<p>I nDeisceart Loch Garman, is sainghnéithe suntasacha ar an talamh cósta/sa mhuidhreach iad Rinn Chrois Fhearnóg (Cé na Cille Móire), Ceann an Chairn agus Rinn Ros Láir. Sa lá atá inniu ann tá neart tuirbíní gaoithe le fáil ag Ceann an Chairn, agus baineann suntas ar leith leis mar gurb é an ceann is faide soir ó dheas ar oileán na hÉireann. Bain suntas seandálaíoch agus geolaíoch leis freisin. Ba ann a reáchtáladh na féilte frithnúicléacha ag deireadh na 1970idí agus ag tús na 1980idí, agus baineann suntas soch-chultúrtha le Ceann an Chairn chomh maith.</p> <p>I dtuaisceart an chontae, is gnéithe suntasacha ar an talamh cósta/sa mhuidhreach iad cinn tíre Rinn Chill Mhichíl,</p>

		<p>Rinn Chathóir agus na reanna idir eatarthu. Go minic bíonn bána gainimh á n-imfhálú ag na reanna seo, bána a mbíonn go leor cuairteoirí ag triall orthu.</p>
Leithinsí	Leithinis Rinn Duáin	<p>Tá leithinis Rinn Duáin go mór faoi thionchar Chuan Phort Láirge agus Chuan Bhanú a imfhálaíonn an leithinis ar dhá thaobh. I dtreo an tuaiscirt, tá talamh feirme droimní le fáil ar an leithinis agus amhairc anois is arís ar an uisce agus ar Na Staighrí Dubha agus Sliabh Fhothart.</p> <p>Tá neart bána agus cuas agus trána gainmheacha le fáil feadh líne chósta na leithinse. Go ginearálta, tá na haille íseal agus carraigeach, go háirithe leath bealaigh idir tuaisceart agus deisceart na leithinse, e.g. ag Ceann Dhún Dónaill. Tá carn suíomhanna atá spéisiúil ó thaobh na geolaíochta de le fáil taobh le líne an chósta.</p> <p>Tá tírdhreach íseal an-réidh i dtreo dheisceart na leithinse agus tá foirgnimh talmhaíochta agus chónaithe lonnaithe anseo is ansiúd, An Halla an foirgneamh is suntasaí ina measc, mar aon le teach solais Rinn Duáin ag Rinn Duáin. Tá patrún uathúil lonnaíochta agus garraithe sa cheantar.</p> <p>Tá suíomhanna ar fud na leithinse lena mbaineann suntas stairiúil, a bhaineann go</p>

		<p>háirithe leis na Normannaigh, teach solais Rinn Duáin agus leis an úsáid stairiúil a baineadh as Port Dhún Canann. Bíonn an-tóir ag turasóirí ar na trána, tírdhreacha, sráidbhailte agus, go háirithe, teach solais Rinn Duáin, agus is cuid den fhorbairt atá déanta ar an leithinis iad agus, dá réir sin, tá baint lárnach acu leis an earnáil turasóireachta.</p>
<p>Tírdhreach 'Citealach agus Céamach'</p>	<p>Cnoc na Scríne</p>	<p>Foirmíodh na cnoic seo nuair a chúlaigh oighearshruth Mhuir Éireann ag deireadh na hOighearaoise, agus is ionann iad agus an deilt teagmhála oighreach ardaithe is mó in Éirinn agus b'fhéidir san Eoraip fiú. Is éard atá ann 'cnoic' chruinne agus loch 'citealach' anseo agus ansiúd, agus ta tírdhreach Chnoc na Scríne uathúil i gcomparáid le tírdhreach ginearálta ísealtailte dheisceart agus oirthear Loch Garman. Faoin talamh, tá dríodair ghainimh agus ghairbhéil, uaireanta sa bhreis ar 30m tiubh, ag tacú le flóra uathúil agus tá siad mealltach don tionscal eastóscach freisin.</p>
<p>Slabaí</p>	<p>Slabaí Loch Garman Coinicéar na hInse Coinicéar Bhaile Thaidhg</p>	<p>Is ionann na slabaí i Loch Garman, An Inis agus Baile Thaidhg agus tírdhreacha réidhe, ísle, uathúla le díoga díreacha draenála agus bogaigh, a bunaíodh den chuid is mó mar thoradh ar thionscadail mhíntírithe a cuireadh i gcrích sna 1800idí. Soláthraíonn na tírdhreacha seo gnáthóga tábhachtacha</p>

		d' éanlaithe fiáine. Tá tírdhreach dumphcha Bhaile Thaidhg suite taobh thiar de shlabáí na hInse agus Bhaile Thaidhg agus tá gníomhaíocht eastósctha gainimh ar bun anseo is ansiúd agus tá tuirbíní gaoithe lonnaithe ann le blianta beaga anuas.
Oileáin	An Sailte Oileáin na gCaorach	Is tírdhreacha suntasacha iad na hoileáin mórthimpeall chósta dheisceart Loch Garman, agus is iad An Sailte an tírdhreach is mó, mar aon le fócasphointí sa mhuidhreach.

### 3.2 Íogaireacht Tírdhreacha

I ndiaidh na ASTanna a shainaithint, forbraíodh rátáil íogaireachta do gach aonad. Is ionann íogaireacht tírdhreacha agus cumas an tírdhreacha déileáil le hathrú nó le hidirghabháil a thomhas gan éifeachtaí do-ghlactha ar shainghné agus ar luach an tírdhreacha a bheith dá thoradh. Sainaithnítear i dTábla Uimh. 7-3 thíos an rátáil íogaireachta le haghaidh gach cineál tírdhreacha freisin.

**Tábla 7-3: Rátáil Íogaireachta**

	Rátáil Íogaireachta Tírdhreacha		
	Íseal	Measartha	Ard
Ardtailte			
Ísealtailte			
Gleannta Abhann			
Tírdhreach Cósta			
Tírdhreacha Uathúla			

Is tírdhreacha níos láidre iad tírdhreacha lena mbaineann íogaireacht íseal atá in ann déileáil le hathrú agus ag a bhfuil an cumas freastal ar fhorbairt gan tionchair dhíobhálacha shuntasacha a bheith acu ar shainghné an tírdhreacha. Is sna tírdhreacha seo atá formhór na hísealtailte le fáil.

Tá íogaireacht Mheasartha luaite leis na réimsí is airde de na hísealtailte. Is féidir le tírdhreacha lena mbaineann íogaireacht mheasartha déileáil le forbairt ach bíonn teorainneacha i ndáil le scála agus méid i gceist. Is sna limistéir idirthréimhseacha de na hísealtailte seo a bhuaileann na hísealtailte le AST eile, féach ar Thábla 7-1).

Rangaítear Tírdhreacha Gleannta Abhanna mar thírdhreacha lena mbaineann íogaireacht Mheasartha nó Ard.

Tá Íogaireacht Ard chomh fada is a bhaineann le hathrú agus cumas teoranta déileáil le forbairt nua luaite le Tírdhreacha Ardtailte, Cósta agus Uathúla. Ní mór d'fhorbairt atá beartaithe laistigh de na limistéir seo a léiriú nach gcuirfidh siad isteach ar bhealach suntasach ar bith ar shainghné, caighdeán nó aonfhoirmeacht nuair a bhreathnaítear ar na limistéir seo ón gceantar mórthimpeall. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chaomhnú shainghné agus uathúlacht na limistéir seo ó bhealaí amhairc agus ó na ceantair mórthimpeall ar láithreáin sheandálaíocha agus stairiúla.

Rangaítear Tírdhreacha Gleannta Abhanna mar thírdhreacha lena mbaineann Íogaireacht Mheasartha nó Ard. I limistéir lena mbaineann Íogaireacht Mheasartha nó Ard tá an poitéinseal ag forbairt impleachtaí suntasacha aonair nó carnacha a bheith aici. Ní mór go léireofaí in iarratais d'fhorbairt sna limistéir seo tuiscint ar na teorainneacha bunúsacha seo trí ardchaighdeán a chinntiú i ndáil le roghnú láithreáin, leagan amach láithreánaithe, roghnú ábhar agus bailchríoch. Ní cheadófar forbairt sna limistéir seo ar dócha go mbeidh tionchair amhairc aonair nó charnacha acu ar an tírdhreach ach sa chás gur léirigh an t-iarratasóir go bhfuil gá ar leith leis an bhforbairt, lena n-áirítear infreastruchtúr iompair agus fuinnimh, sa suíomh beartaithe (féach ar rannóg na tithíochta tuaithe sa chás go mbaineann iarratais le tithíocht tuaithe).

## **4.0 Breithniúcháin Tírdhreacha Eile**

Tá roinnt sraitheanna éiceolaíocha, oidhreachta, cultúrtha agus stairiúla a chabhraíonn leis an tírdhreach a mhúnlú agus ba cheart iad a chur san áireamh i dtograí forbartha amach anseo. Tugann ainmniúcháin éiceolaíocha, scéimhe agus taitneamhachta léargas ar limistéir lena mbaineann feasacht phoiblí níos airde agus, dá réir sin, d'fhéadfaí glacadh leis go mbaineann luach suntasach tírdhreacha leo freisin. Níl aon íogaireacht sannta do na tírdhreacha seo de bhrí go mbraithfidh an íogaireacht ar an gcáilíocht shonrach lena bhfuil siad ainmnithe.

### **4.1 Láithreáin Ainmnithe**

Is ionann láithreáin Natura 2000 agus gréasán láithreán lena mbaineann an tábhacht bhithéagsúlachta is airde san Eoraip atá ainmnithe faoi Threoir maidir le hÉin an AE (79/409/CEE) agus Treoir maidir le Gnáthóga an AE (92/43/CEE). Cuimsítear iontu seo Limistéir Chosanta Speisialta agus Limistéir Chaomhantais Speisialta. Forálann Limistéir Chosanta Speisialta (LCSanna), bunaithe faoi Threoir maidir le hÉin an AE (79/409/CEE), le haghaidh chosaint larscríbhinn I (speicis éin atá gann agus faoi bhagairt), speicis imirceacha a bhíonn le feiceáil go rilata agus gnáthóga d'éin (bogaigh go háirithe). Forálann Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCSanna), bunaithe faoi Threoir maidir le Gnáthóga an AE (92/43/CEE), le haghaidh chosaint agus chaomhnú gnáthóg agus speiceas atá liostaithe in larscríbhinn I (gnáthóga) agus larscríbhinn II (speicis – ní éin) den Treoir maidir le Gnáthóga.

Tá na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha ainmnithe faoi Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000. Cuimsítear iontu limistéir lena mbaineann tábhacht náisiúnta bhithéagsúlachta nó gheolaíocha. Ciallaíonn íogaireachtaí comhshaoil go bhfuil sé riachtanach a áirithiú go bhfuil forbairt na limistéar seo á bainistiú go cúramach. Beidh dualgas ar an duine aonair a léiriú nach mbeidh tionchar ag aon fhorbairt sa limistéar ar oidhreacht nádúrtha. Cé gur luach éiceolaíoch/geolaíoch den chuid is mó a bhaineann leo, cuireann na limistéir seo le cáilíocht radhairc ár dtírdhreach.

### **4.2 Gréasáin Éiceolaíocha agus Conairí Fiadhúlra**

De réir Airteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga agus Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 (leasú), ceanglaítear ar an Údarás Pleanála cuspóirí a áireamh ina phlean forbartha



chun bainistíocht sainghnéithe tírdhreacha lena mbaineann tábhacht shuntasach d'fhána agus d'fhlóra fiáin a spreagadh. Is sainghnéithe iad seo, mar thoradh ar a struchtúr líneach agus leantach (cosúil le haibhneacha a bhfuil a mbruacha nó na córais thraidisiúnta in úsáid chun teorainneacha garraithe a mharcáil) nó atá ag feidhmiú mar chlocha cora (cosúil le linnte nó coillte beaga), atá riachtanach le haghaidh imirce, scaipeadh agus malartú géiniteach speiceas fiáin.

Is ionann gréasáin éiceolaíocha agus gréasán de ghnáthóga lárnaacha atá nasctha ag struchtúir líneacha agus leantacha cosúil le haibhneacha, fáлта scean nó clocha cora cosúil le linnte nó coillte beaga. Tá na gréasáin seo riachtanach le haghaidh imirce, scaipeadh agus malartú géiniteach speiceas fiáin.

Is fáлта scean, criosanna inse, crannteorainneacha agus bogaigh atá le fáil i gconairí Fiadhúlra agus is sainghné thábhachtach den tírdhreach iad. Soláthraíonn na conairí seo gnáthóg riachtanach do go leor speiceas agus chomh maith leis sin feidhmíonn siad mar chonair d'ainmhithe, éin, ialtóga, feithidí agus speicis eile ar féidir leo gluaiseacht tríothu. Baineann tábhacht ar leith lena chinntiú go gcoimeádtar na conairí seo chun saorghluaiseacht speiceas a cheadú chun críche beathaithe, neadaithe agus póraithe laistigh dá ngnáthóg níos mó. Éascaíonn na gréasáin seo scaipeadh agus laghdú an riosca a bhaineann le díothú speiceas mar gheall ar ilroinnt iomarcach gnáthóige agus aonrú daonra beag ilroinnte.

### **4.3 Láithreáin Gheolaíocha**

Tá 'Oidhreacht Gheolaíoch Chontae Loch Garman - Iniúchadh ar Láithreáin Gheolaíocha Contae do Chontae Loch Garman' [*The Geological Heritage of County Wexford – An Audit of County Geological Sites for County Wexford*] foilsithe ag Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI) ina sainaithnítear 42 láithreán sa chontae lena mbaineann tábhacht gheolaíoch agus gheomoirfeolaíoch. Sainaithnítear na láithreáin seo mar Láithreáin Gheolaíocha Contae agus tá siad arna gcosaint faoi chuspóirí an Phlean Forbartha Contae. Tá sé molta cuid de na láithreáin seo a roghnú mar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (LONanna) agus glactar leis go mbaineann tábhacht náisiúnta leo mar na samplaí ionadaíocha is fearr d'fhoirmíochtaí nó sainghnéithe geolaíocha áirithe. Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara in íogaireacht na

dtírdhreach seo agus na sainghnéithe (d'fhéadfadh go mbeadh roinnt tírdhreach láidir agus go mbainfidís tairbhe as athrú a mbeadh neamhchosaintí nua dá bharr) agus ba cheart tagairt a dhéanamh do na tuairiscí láithreáin san iniúchadh agus ba cheart tuairimí GSI a lorg.

#### **4.4 Coillearnacha Ársa agus Seanbhunaithe**

Baineann tábhacht leis na coillearnacha seo mar gheall ar an luach bitheolaíoch agus cultúrtha a bhaineann leo. Go minic, bíonn pobail ainmhithe agus plandaí le fáil i láithreáin choillearnach ársa atá teoranta do, agus ag brath ar choillearnach ársa leathnádúrtha, chun críche maireachtála. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí go n-áireofaí i gcoillearnach ársa tírdhreach stairiúil agus sainghnéithe seandálaíocha a mbaineann tábhacht ar leith leo. Chomh maith leis sin, tá ról ag coillearnach ársa i sainghnéithe topagrafacha nádúrtha a chaomhnú cosúil le taisí ithreach neamhbhearnaithe agus sruthchúrsaí neamhathraithe. Aithnítear go forleathan go mbíonn sampla níos éagsúla de speiceas plandaí agus ainmhithe le fáil i gcoillearnacha ina bhfuil stair fhada coillearnaí i gcomparáid le coillearnaí nach bhfuil seanbhunaithe, agus, dá réir sin, glactar leis go mbaineann luach caomhantais níos airde leo. Tá sé ríthábhachtach na coillearnacha seo a bhainistiú go cúramach. Baineann íogaireacht éiceolaíoch agus amhairc leis na limistéir seo.

#### **4.5 Gnéithe Stairiúla agus Cultúrtha**

Tá tírdhreacha Chontae Loch Garman forbartha thar na mílte bliain agus tá siad fós ag forbairt agus ag athrú sa lá inniu ann mar thoradh ar idirghníomhaíocht dhaonna agus nádúrtha. Le himeacht ama, cuirtear comhpháirteanna nua leis an tírdhreach, agus modhnaítear nó athsholáthraítear gnéithe níos sine. Go minic cuireann úsáid talún, bainistiú agus patrúin lonnaíochta gaolmhara roimhe seo, mar aon le patrún agus cineál garraithe agus imfhálaithe, le patrúin uathúla áitiúla agus réigiúnacha sa tírdhreach. D'fhéadfadh go mbainfeadh naisc chultúrtha le healaín, litríocht, ócáidí, miotas, ceol, daoine, finscéalta agus béaloideas.

Tá sainghnéithe tábhachtacha le fáil sa tírdhreach, e.g., fáлта sceach agus crainn a chruthaíonn teorainn idir garraithe agus bóithre, coillearnacha, bogaigh agus seanbhallaí diméine. Aithnítear an bealach a gcuireann na sainghnéithe tírdhreacha seo le sainghné

shonrach agus iomlán láithreáin tírdhreach an chontae agus ba cheart é seo a chur san áireamh nuair a bhíonn tograí forbartha á meas amach anseo.

Tá fianaise ar scaipeadh na lonnaíochta stairiúla le fáil i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna.

Tá tionchar ag an bpatrún stairiúil lonnaíochta seo ar shainghnéithe tírdhreacha cultúrtha an chontae. Baineann luach radhairc agus oidhreachta cultúrtha leis na sainghnéithe seo.

#### **4.6 Láithreacha Catha**

Tuigeann an Chomhairle tábhacht agus luach an tírdhreacha agus na timpeallachta stairiúla níos leithne, láithreacha catha san áireamh. Tá Tionscadal Láithreacha Catha na hÉireann á reáchtáil ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi láthair. Is é an aidhm atá leis an tionscadal cabhrú chun an cosaint reachtúil chuí ba cheart a bhunú do láithreáin láithreacha catha a shainaithint. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar Thionscadal Láithreacha Catha na hÉireann nuair a bheidh torthaí na hoibre ar fáil. Cuspóir de chuid na Comhairle é tírdhreacha stairiúla agus seandálaíochta a chosaint, lena n-áirítear láithreacha catha, agus tacú le rochtain ar láithreáin den chineál sin ar an gcoinníoll nach gcuireann a leithéid de rochtain an tsainghné i mbaol.

#### **4.7 Sainghnéithe Sonracha Tírdhreacha**

Ní féidir leis an MNT, agus níl sé beartaithe, go mbeidh sainghnéithe sonracha tírdhreacha á sainaithint ann de réir an gharraí nó an láithreáin. Is sainghnéithe tábhachtacha sa tírdhreach iad seo, cosúil le fála scean agus crainn a chruthaíonn teorainn mórthimpeall garraithe, bóithre agus coillearnacha, nach féidir iad ar fad a bhreacadh ar mhapa MNT. Aithnítear, áfach, an bealach a gcuireann na sainghnéithe seo le sainghné shonrach agus iomlán an láithreáin agus tírdhreach an chontae agus ba cheart é seo a chur san áireamh nuair a bhíonn tograí forbartha á meas.

## 5.0 Bealaí Scéimhe agus Amhairc Chosanta

Ní mór go mbeadh cuspóirí a bhaineann le ‘caomhnú radharc agus léargas’ i bPlean Forbartha.<sup>1</sup> Ní ainmnítear bealaí sonracha sa phlean seo ach tugtar faoi deara go bhféadfaí bealaí scéimhe a áireamh i roinnt catagóirí:

- Bealaí trí Thírdhreacha Uastailte, Cósta, Gleannta Abhann agus Uathúla.
- Bealaí cosúil le *Eurovelo*, Bealach na Normannach, Glasbhealaí agus Conairí Siúil Loch Garman áit a bhfuil níos mó seans ann go mbeidh neart cuairteoirí le fáil feadh na mbealaí seo.

D’fhéadfaí go n-áireofaí in amhairc scéimhe eile:

- Amhairc ar an bhfarraige agus radhairc ar an talamh ón bhfarraige agus ó aibhneacha ag suíomhanna ina bhféadfadh áiseanna turasóireachta nó taitneamhachta/turas isteach ar bhád a bheith lonnaithe.
- Amhairc agus léargais bheartaithe cosúil leo siúd a bhaineann le lonnaíocht bheartaithe agus áitribh agus gairdíní oidhreachta.

Aithnítear sa PFC go bhfuil gach tírdhreach beo agus ag athrú, agus dá réir sin, i bprionsabal, nach gá go gcuirfí cosc ar fhorbairt ar bhealach den sórt sin, ach níor cheart d’fhorbairt, áit a gceadaítear a leithéid, bac nó srian a chur leis na hamhairc nó léargais seo, ná níor cheart go mbeadh impleachtaí suntasacha diúltacha acu ach oiread ina n-aonar nó ar bhonn carnach agus ba cheart iad a dhearadh agus a lonnú ar bhealach a chinntíonn go bhfuil an impleacht atá acu á híoslaghdú.

## 6.0 Tionchair Amhairc a Mheas

### 6.1 Tionchair Amhairc

Tá tionchar ag meascán de na fachtóirí seo a leanas ar chumas limistéir forbairt a ionsú ó thaobh radhairc de:-

1. Topagrafaíocht - go hiondúil beidh forbairt ar limistéir ardaithe le feiceáil ó limistéar forleathan; ní bheidh forbairt i limistéir imfhálaithe.

---

<sup>1</sup> Cuspóir éigeantach 2(e) d’Acht 10 d’Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 (leasú).

2. Fásra - is féidir le limistéir a thacaíonn le (nó a d'fhéadfadh tacú le) crainn, fála seach arda agus fásra adhmaidach forbairt nua a cheilt ó radharc. Ní dócha go mbeidh forbairt nua á ceilt ag limistéir nach bhfuil ar a gcumas tacú lena leithéid d'fhásra.
3. Forbairt - Tá seans ann nach mbeidh forbairt nua chomh feiceálach céanna i gcomhthéacs forbairt reatha sa tírdhreach.

D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí aonair nó carnacha i gceist, rud a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le creimeadh chaighdeán scéimhe an limistéir de réir a chéile. D'fhéadfadh go mbeadh na himpleachtaí fairsing nó nach mbeadh ach limistéar beag i gceist ach go bhféadfaidís a bheith suntasach ag an am céanna. D'fhéadfadh go mbeadh na himpleachtaí sealadach, gearrthéarmach, fadtéarmach nó buan agus braitheann a suntas ar nádúr na forbartha, acmhainn an tírdhreacha an fhorbairt a ionsú agus an luach atá luaite leis an tírdhreach sonrath.

D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí mar thoradh ar láithreánú forbartha nó d'fhéadfaidís a bheith mar thoradh ar scála nó ar dhearadh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaidís a bheith mar thoradh ar an bhforbairt a bheith coimhthíoch i gcomhthéacs na timpeallachta ina bhfuil sí suite.

Beidh claonadh ann cur i gcoinne forbairtí atá suite ar láithreáin ardaithe agus nochta. Méadaítear na himpleachtaí a bhaineann lena leithéid d'fhorbairt nuair a bhriseann an fhorbairt, nuair a bhreathnaítear uirthi i gcomhthéacs, an spéirlíne.

## **6.2 Measúnú Tionchair Tírdhreacha agus Amhairc**

Go ginearálta, déanfaidh an Chomhairle measúnú ar thionchair amhairc fhorbhór na forbartha mar chuid den mheasúnú ar an iarratas pleanála. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh an Chomhairle a cheangal ar an iarratasóir Measúnú Tionchair Tírdhreacha agus Amhairc a dhéanamh chun cabhrú leis an measúnú ar fhorbairt ar leith ar an tírdhreach mar gheall ar scála, láithreánú nó dearadh na forbartha nó íogaireacht an tírdhreacha.

Is uirlis é Measúnú Tionchair Tírdhreacha agus Amhairc (MTTA) a úsáidtear chun éifeachtaí athraithe mar thoradh ar fhorbairt ar an tírdhreach mar acmhainn timpeallachta agus tuairimí daoine agus taitneamhacht amhairc a shainaithint agus a mheas. Ba cheart go sainaithneofaí in MTTA suntas agus méid na n-éifeachtaí a bhfuiltear ag súil leo mar thoradh ar fhorbairt bheartaithe. Ba cheart an MTTA a ullmhú de réir dea-chaighdeán/dea-chleachtais tionscail.

Ba cheart go mbeadh MTTA i dteannta le tograí le haghaidh forbairt shuntasach (e.g. tionscadail fuinneamh in-athnuaite, infreastruchtúr teileachumarsáide agus an tionscal eastóscach) a áirítear inti Criosanna d'Infheictheacht Theoiriciúil (ZTV) a thugann le fios na ceantair ina bhfuil an fhorbairt bheartaithe le feiceáil. Ba cheart dearthaí measúnaithe ionadaíocha a shainaithint freisin. Beidh éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa líon ionad amhairc ag brath ar shuíomh agus ar scála an togra. Ba cheart tús áite a thabhairt d'amhairc ó shuíomhanna íogaire (e.g. limistéir chónaithe, limistéir a bhfuil tóir ag cuairteoirí orthu nó limistéir atá in úsáid le haghaidh caitheamh aimsire amuigh faoin spéir), bealaí agus radhairc scéimhe ó shuíomhanna arda. Ba cheart fótamontáisí ó gach ionad amhairc a sholáthar ar a léirítear an fhorbairt bheartaithe le agus gan aon phlandú ceilte beartaithe. Chomh maith leis sin, ba cheart go n-áireofaí sa MTTA measúnú ar impleachtaí carnacha radhairc na forbartha beartaithe i dteannta le forbairtí agus struchtúir shuntasacha eile atá le fáil agus ceadaithe sa limistéar, mar aon le hiarratais phleanála beo eile.

Ó am go ham, d'fhéadfadh an Chomhairle a cheangal go gcuirfí Tuarascálacha Measúnaithe Tionchair Tírdhreacha agus Amhairc ar fáil d'fhorbairtí níos lú ná na forbairtí thuasluaite sa chás go bhfuil imní ann go bhféadfadh tionchar suntasach diúltach a bheith ag togra ar leith ar an tírdhreach. D'fhéadfadh MTTA cabhrú leis an údarás áitiúil measúnú a dhéanamh ar thionchar amhairc an togra agus an poitéinseal a bhaineann le maolú agus d'fhéadfadh go mbeadh toradh níos fabhraí d'iaratasóir phleanála dá thoradh.

Ba cheart an MTTA a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhréireach le castacht, scála agus suntas dóchúil éifeachtaí tírdhreacha agus radhairc na forbartha beartaithe.

Chomh maith leis sin, úsáidfidh an t-údarás pleanála na huirlisí ar fad a bheidh ar fáil cosúil le hanailís fána agus DTM agus cuirfidh siad iad seo lena gcórais GIS agus úsáidfidh siad iad le haghaidh measúnaithe de réir mar a bheidh siad á bhforbairt ag an gComhairle.

## **Cuspóirí Tírdhreacha**

Is cuspóir de chuid na Comhairle é:

### **Cuspóir L01**

Aird a thabhairt ar an Aonad Sainghné Tírdhreacha agus a Íogaireacht Tírdhreacha sannta, Dréacht-Treoirlínte Tírdhreacha agus Measúnaithe Tírdhreacha d'Údaráis Phleanála (2000) agus aon leaganacha nuashonraithe de na treoirlínte seo foilsithe i rith shaolré an Phlean, agus aon Mheasúnú Náisiúnta ar Nádúr an Tírdhreacha foilsithe nuair a bhí iarratais phleanála á meas nó nuair a bhí forbairt dá cuid féin á cur i gcrích ag údarás áitiúil.

### **Cuspóir L02**

Athbhreithniú a dhéanamh ar an Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha agus na cuspóirí tírdhreacha sa Phlean, i ndiaidh fhoilsiú na dTreoirlínte Measúnaithe Tírdhreacha eisithe ag Aire Rialtais i ndáil leis an tírdhreach. Déileálfar sa Mheasúnú athbhreithnithe ar Nádúr an Tírdhreacha le tírdhreach stairiúil agus cultúrtha agus le hanailís ar shainghné muirdhreacha.

### **Cuspóir L03**

Tréithiú tírdhreacha agus anailís íogaireachta a dhéanamh chun eolas a sholáthar le haghaidh pleananna ceantair áitiúil.

### **Cuspóir L04**

A cheangal go mbeidh gach forbairt láithreánaithe, deartha agus tírdhreachaithe go cuí ag féachaint dá suíomh sa tírdhreach, a áirithiú go mbeidh aon impleachtaí díobhálacha radhairc á n-íoslaghdú agus go gcoimeádtar gach sainghné agus saintréith nádúrtha atá sa láithreán.

### **Cuspóir L05**

A áirithiú nach bhfuil forbairtí ag cur isteach an iomarca ar an radharc sa tírdhreach, go háirithe, ag nó gar d'Uastailte, Gleannta Abhann, Tírdhreach Cósta nó Aonaid Sainghné Tírdhreach Uathúil.

### **Cuspóir L06**

A áirithiú, sa chás go mbeidh impleacht dhiúltach ag forbairt ar Uastailte, Gleann Abhann, Tírdhreach Cósta, nó Aonad Sainghné Tírdhreach Uathúil, go léirítear gur ann do riachtanas sáraitheach don fhorbairt áirithe sin agus go bhfuil breithniú cúramach déanta ar roghnú an láithreáin. Ba cheart go mbeadh scála na forbartha oiriúnach agus go mbeidh an fhorbairt láithreánaithe, deartha agus tírdhreachaithe ar bhealach a áirithíonn go bhfuil impleachtaí díobhálacha féideartha ar an tírdhreach ábhartha á n-íoslaghdú.

### **Cuspóir L07**

Forbairt oiriúnach a spreagadh a bheadh mar bhonn le tírdhreach díghrádaithe reatha a fheabsú agus/nó amhairc a fheabhsú ar nó ó Uastailte, Gleann Abhann, Tírdhreach Cósta nó Aonad Sainghné Tírdhreach Uathúil ó ionaid amhairc phoiblí.

### **Cuspóir L08**

Iarracht a dhéanamh impleachtaí amhairc díobhálacha carnacha a d'fhéadfadh a bheith ag tithíocht tuaithe ar Uastailte, Gleannta Abhann, Tírdhreach Cósta agus Aonaid Sainghné Tírdhreach Uathúil a íoslaghdú. Chuige sin, i suíomhanna ina mbreithníonn an Chomhairle go bhfuil baol ann go mbeidh impleachtaí díobhálacha aonair nó carnacha i gceist, ní bhreithneoidh an Chomhairle ach tograí le haghaidh forbairtí tithíochta áit a bhfuil an gá atá leis an áitreabh cónaithe léirithe de réir na gcritéar atá le fáil i dTábla Uimh. 4-2 i gCaibidil 4 Tithíocht Inbhuanaithe, Ráiteas Scríofa Imleabhair.

### **Cuspóir L09**

A áirithiú go bhfuil amhairc arbh fhiú iad a chosaint á gcosaint, lena n-áirítear amhairc ar agus ón bhfarraige, abhainn, sainghné tírdhreacha, sléibhte, suíomhanna turasóireachta,



struchtúir sainchomhartha cosúil le droichid agus lonnaíochtaí uirbeacha ó fhorbairt mhíchuí de bhua dearaidh, scála, sainghné nó impleachta carnaí, a chuirfeadh bac ar nó a bhainfeadh an bonn d’amhairc den sórt sin.

### **Cuspóir L10**

Amhairc agus léargais phleanáilte a chosaint, cosúil leo siúd a bhféadfadh baint a bheith acu le lonnaíochtaí pleanáilte, áitribh agus séadchomharthaí oidhreachta agus a áirithiú nach mbaineann forbairt nua an bonn d’amhairc den chineál sin a d’fhéadfaí a shainaithint laistigh de bhailte, suíomhanna foirmiúla agus tírdhreacha ainmnithe. Nuair a bhíonn iarratais phleanála á meas le haghaidh forbairt i dtulra a leithéid sin d’amhairc agus léargais, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an éifeacht a d’fhéadfadh a bheith ag a leithéid sin d’fhorbairt ar an amharc nó léargas.

### **Cuspóir L11**

Breithniú a dhéanamh ar cháilíochtaí speisialta na dtírdhreach atá liostaithe i Rannóg 4.0 *Breithniúcháin Tírdhreacha Eile* nuair a bhíonn tograí forbartha sna limistéir seo á meas. Nuair a bheidh na himpleachtaí á meas, breithneoidh an Chomhairle na cáilíochtaí sonracha tírdhreacha a bhfuil siad ainmnithe lena n-aghaidh.

### **Cuspóir L12**

Glacadh le toimhde i gcoinne forbairtí atá lonnaithe ar láithreáin ardaithe agus nochta agus áit nach féidir leis an tírdhreach déileáil le forbairt den sórt sin le bearta maolaithe oiriúnacha.

### **Cuspóir L13**

Glacadh le toimhde i gcoinne láithreánaithe trealamh teileachumarsáide i suíomhanna feiceálacha ar Uastailte, Gleann Abhann, Tírdhreach Cósta agus Aonaid Sainghné Tírdhreacha, mura bhfuil riachtanas sáraitheach léirithe don Údarás Pleanála.

### **Cuspóir L14**

A cheangal go gcuirfí Tuarascálacha Measúnaithe Tionchair Tírdhreacha agus Amhairc ar fáil le haghaidh forbairtí a bhféadfadh impleacht shuntasach dhíobhálach a bheith acu ar an tírdhreach.

### **Cuspóir L15**

DTM, anailís fána agus léirshamhlúcháin 3t a sholáthar bunaithe ar na hacmhainní atá ar fáil agus iad a chur ar fáil i dteannta le hainmniúcháin tírdhreacha PFC a úsáidfidh an t-iarratasóir agus an Chomhairle nuair a bheidh impleachtaí amhairc á meas.